IORRAS

Comġáirdeas le Liam Ó Falúin, Éile, Cloċar, a fuair scoláireaċt ċuig Coláiste Talṁaíoċta, Cnoc Ḃeileaḋ.

Tá Laura Ní Ḃreaṫnaċ, aonínion Éamon T. Ḃreaṫnaċ, agus a ḃean, Sráid Liam, Béal an Ṁuirṫid, ceapaiṫe insan stáisiún trialaċ móna, Gleann na Muaiḋe. Ḃí sí mar Oifigeaċ eolais turasóireaċta ag Oifig Eolais, Bord Fáilte, Sráid Liam, ar feaḋ an tsaṁraiḋ.

Ag iascaireaċt i gCuan an Inḃir, Dé Doṁnaiġ, i mbád iascaí Tomás Mac an tSaoir, fuair triúr ball de Cumann Slat Iascaireaċta Béal an Ṁuirṫid — Seán Ó Ceannáin, N. Uilson agus S. Mac Ruaiḋrí 700 maicréil 7 12 scate.

Fáilte roiṁ gárda nua, Brean-dán Beattie, peileadóir clúiteaċ Roscomáin, a ċríoċnaiġ a ċúrsa traenála i dTeampall Mór agus atá ar diúité anois i mBéal an Ṁuirṫid, in ionad an Gárda Mac Raġnall. Agus fosta roiṁ an Gárda S. Ó Foġlú, atá ar diúité ag Fód Duḃ, in ionad an Sáirsint Tomás Ó Tuaṫail.

...Ḃí slua measarṫa i láṫair ag taispeántas bliantúil Beannċor Iorras, de ċaoirí. Ḃí roinnt ṁaiṫ iarrataisí agus cuireaḋ spéis ar leiṫ ins na trialaċa mada caoraċ. Madra le Tomás Ó Cearḃallán, Béal a' Coraic, a fuair an ċéad áit, agus mada le P. Mac Aoḋa, Tairseán, Baile Cruaḋa, an dara h-áit. Ċuaiġ cuid ṁaiṫ de na duaiseanna ins an taispeántas caoraċ, do ḋaoine as ceantar Tuar Ṁic Éide.

Ḃí droċ aimsir ar fad fríd an ċeantar seo Dé Doṁnaiġ agus deire na seaċtaine seo caite, le gálaí gaoiṫe móire, fearṫain 7 báisteaċ.

Scéala aṫais as Nua Eaḃraċ gur pósaḋ Niall Mac Guiḋir, an mac is óige le Séamas Mac Guiḋir, O.S., Eaċléim, Fód Duḃ, le Áine Máire Nic an Ḃáird, as Co. Muineaċáin. Coṁġáirdeas. B'é Niall an ceaṫrú duine de ċlann Ṁic Guiḋir a d'imir le foireann mionúr Ṁuiġeo sul ar imiġ sé go Nua Eaḃraċ dá ḃliain ó ṡin.

Taréis dá ċruinniú poiblí toġaḋ coiste ċun féaċaint ċun cúirt cruaiḋ leadóige a tógáil i gceantar Ḃéal an Ṁuirṫid.

Fáilte roiṁ Tomás Hunt, ar na ċeapaḋ go dtí an stáisiún aimsire. Tig sé ó Cluain Eois, Co. Muineaċáin.

Ag Raṫ Morgáin, ar an príoṁ ḃealaċ idir Iorras agus Béal an Ṁuirṫid, ḃí tuille sé orlaiġ ar doiṁne ar an ḃóṫar, agus ní raiḃ luċt na roṫar ábalta dul tríd. Ḃí gála gaoiṫe suas le 70 míle san uair, i mBéal an Ṁuirṫid féin.

Toisc an ḃáisteaċ leanúnaċ Dé Doṁnaiġ seo caite cuireaḋ siar an cluiċe peile idir Acaill agus Béal an Ṁuirṫid a ḃí le h-imirt ag Béal an Ṁuirṫid. Cuireaḋ siar na cluiċí leaṫ-ċeannais de comórtas Iorrais, idir Beannċor Iorrais agus Eaċaḋnuas agus Béal an Ṁuirṫid agus Cill Mór. ...Ḃí cluiċe maiṫ idir Gairmscoil Ḃéal an Ṁuirṫid agus an Meánscoil. Dé Ceadaoine seo caite.

Tá na carrmiaḋaċa ag teaċt anuas fá na páirceanna ṫart ar Tor, agus ag Dúnṡluaiṫe ċom maiṫ — an droċ aimsir agus an stoirm a ċuireas anuas ar an ísleaċt iad. Tá siad anuas fá Loċ Bearra, agus ċom fada anuas leis an Ċuimín fosta ag Gleann Ġaoṫ Bearra, agus tá ar na feirmeoirí a gcuid barraí a ċosaint uaṫa.

CILL CÁRTA

Pósaḋ beirt deirfiúraċa, inín-aċa de Proinnsias Ó Beirn agus a ḃean, Bogaċ, agus neaċta den Canónaċ Mac Fionnlaoiċ, S.P., Cill Cárta, i dTeaċ Pobail Naoṁ Cárta. Pósaḋ Nóra Ní Ḃeirn 7 Niall Ó Máirtín, mac le Seosaṁ Ó Máirtín agus a ḃean, Ardán Uí Ċonaill, Luimneaċ, agus pósaḋ Máiréad Ní Ḃeirn agus Seán Ó Donnċaḋa, mac le Miċeál Ó Donnċaḋa, agus a ḃean, An Daingean, Co. Ua bFáiliġ. An Canónaċ Mac Fionnlaoiċ a ṗós iad le Aifreann an Ṗósta agus Beannaċt an Ṗápa. Ḃí an beirt brídeoiġ ag caiṫeaṁ gúnaí den ċineál céanna de ṡíoda le béil de lása na Fraince, agus ceann-ḃeart. D'iompar siad bláfleasc de ċarnations dearga. Ag an tearmanas, ḃí Bean Uí Ḋoṁnaill, O.S., Cill Ċárta, ag an organ. A h-aṫair, a ṫug Nóra le pósaḋ 7 a deartár, Criostóir Ó Beirn, O.S., a ṫug Máiréad le pósaḋ. Ḃí an ḃainis in Óstán Nesbitt Arms in Árd a' Ráṫa, áit a raiḃ os cionn céad i láṫair. Tá na lánúna ag caiṫeaṁ mí na meala ar cósta ṫiar na hÉireann.

Ḃí biseaċ maiṫ ar éileaṁ agus luaċa eallaċ ag aonaċ Ċill Cárta an ṁí seo, i bfad níos fearr ná an t-aonaċ deireanaċ. Sin agus eile, ní raiḃ barraíoċt ar biṫ ceannaċ ar eallaċ. Ḃí go leor ceannaiṫeoirí ann aċ fágaḋ roinnt stoc gan díol. Tugaḋ ċoṁ h-árd le £57 ar bultáin stór agus ó sin anuas go dtí £48. Ní raiḃ mórán éileaṁ ar ḃa ionlaoiġ. £55 an luaċ ab' fearr a tugaḋ ar ċeann acu agus ó sin anuas go dtí £50 agus £45. Ḃí sé dóiliġ eallaċ éadtrom a díol. Beiṫí bliana ó £38 - £45 agus gaṁna, £35-£47.

Ḃí an tuille ab' airde i mbliana insan ċeantar seo indiaiḋ na fearṫaine Dé Doṁnaiġ, agus ṁair sé an ċuid is mó den lá. Ḃí an talaṁ íseal in aice na h-aḃna uiliġ fá uisce agus tuille ar ċuid ṁaiṫ de na bealtaí.

Is fada sean teampall na bProtastúnaċ anseo agus is trua go ḃfuil sé le h-imeaċt gan ṁoill. Tá cuid dó ar siúl ċeana féin. Ḃí sé ansin le corraḋ agus 100 bliain. Ar na mallaiḃ fuartas amaċ go raiḃ an foirgneaṁ féin dainséaraċ, agus socraíoḋ é leagann. Tá an túr leagṫa 7 an dian bainte de.

Tá oibríṫe an Ċoṁairle Condae ag deisiú agus ag cóiriú an falla cosanta ar bealaċ Muc Ross, ṫart le bárr na mbeann os cionn trá na Leaḃar. Le h-imeaċt na mblianta, ḃí bearnaiṫe móra insan ḃfalla seo, rud a ḃí dainséaraċ i gceart dá tráċt agus eallaċ.

Tá luaċ millteanaċ árd ar an féar sa ċeantar seo i mbliana, agus seo cúis aṁáin deirtear, naċ ḃfuil iarraiḋ ar biṫ ar eallaċ. Sáḃáileaḋ cuid ṁaiṫ den féar mall, nuair naċ raiḃ an aimsir foirstineaċ, agus níl sé ar an ċuid is fearr. Aċ, sin is eile, táṫar ag fáil 10s. an céad go furasta air. Díolaḋ féar a ḃí fágṫa ón ḃliain anuraiḋ ċoṁ maiṫ.

Ḃí oíċe agus lá boċt stoirme agus gaoiṫe móire ċoṁ maiṫ le fearṫain Dé Doṁnaiġ seo caite. Ḃí an farraige íontaċ tógṫa 7 ḃí na hiascairí graiṫeaċ ar feaḋ na h-oíċe ag freastal ar feistiú na mbád, agus á gcoinneáil sáḃáilte.

GAOṪ BEARRA

I dTeaċ Ṗobal Naoṁ Bríde, Leitir Ṁic a' Ḃáird, pósaḋ Seán Ó Cnáiṁsiġ, mac le Séamas Ó Cnáiṁsiġ, agus a ḃean, Duḃċarraiġ agus Róise Nic Giolla Ṡeannaiġ, inion le Séamas Mac Giolla Ṡeannai: agus a ḃean, An Duḃċarraiġ. Seán Mac Réadaiġ, colceaṫar an ḟir agus Pádraigín Nic Giolla Ṡeannaiġ, deirḃ-siúr na brídeóige a ḃí ag báiṫeoraċt leo. A haṫair a ṫug an brídeóg le pósaḋ. An tAṫair Ó Maolḃuaiḋ, S.C., Leitir Ṁic an Ḃáird a ṗós iad agus ḃí an ḃainis i dTeaċ Ósta Highlands, Na Gleanntaí.

Ḃí cruinniú bríoṁar ag Muintir Fine Gael i Leitir Ṁic an Ḃáird. Ḃí Pádraic Ó Doṁnaill, T.D., i láṫair, agus d'iarr sé ar aċan duine páirt a ġlacaḋ insan ciorcal airgid. Ḃí Éamonn Ó Gallċoḃair mar ċaṫaoirleaċ agus ḃí cruinniú an ṁór i láṫair. Dúirt an tUasal Ó Doṁnaill, dá ndéanfaḋ gaċ craoḃ a páirt insan ciorcal airgid a ḃí P. D. Ó hAirt, T.D., a eagrú don dá Ḋáil-Ċeantar sa ċondae, go ḃfágfaḋ sé an coiste gnóṫa i dTír Ċonaill réiḋ fá ċoinne na toġċáin a ḃí ag teaċt an ḃliain seo ċugainn. Dúirt sé go raiḃ an coiste condae, a ba ġníoṁaí agus a ba fuinniúla agus a ba díograsaí a ḃí acu ariaṁ, go fóill, faoi G. P. Ó Conaill, mar ċaṫaoirleaċ. Dúirt Séamas de Faoite, go raiḃ áṫas mór air a ḃeiṫ ag freastal ar an ċéad ċruinniú i Leitir Ṁic an Ḃáird, agus le buíoċas a ṫabairt do na daoine as an tacaíoċt a ṫug siad do Fine Gael ins na toġċáin. Ḃí 31 craoḃaċa gníoṁaċa acu insan ceantar anois, agus ba ṁór an t-aṫrú seo ón uair ḋeireanaċ, nuair naċ raiḃ acu aċ trí ċraoḃ. D'iarr sé orṫa a ċinntiú go mbeaḋ ainmneaċa a gcuid tacaḋóirí ar clár na ḃótóirí. Ṁol Éamonn Ó Gallċoḃair, rún buíoċais don Uasal Ó Doṁnaill, agus de Faoite, agus ċaḃraiġ Conall Ó Baoill, rúnaí, leis.

I dTeaċ Pobail Cróis Naofa, Crosshill, Glascú, pósaḋ Pádraic Ó Doṁnaill, mac do Ġráinne Bean Uí Ḋoṁnaill, agus Seán Ó Doṁnaill, naċ maireann, Ardán Naoṁ Crón, An Cloċán Liaṫ, agus Máire Ní Ċannáin, iníon do Doiminic Ó Cannáin, agus a ḃean, Ruascaí, Litir Ṁic a' Ḃáird. An tAṫair Ó Cannáin, a ṗós iad, le Aifreann an Ṗósta agus Beannaċt an Ṗápa. Seán Ó Doṁnaill, deartáir an ḟir, agus Áine Ní Ċannáin, deirfiúr na brídeóige, a ḃí ag báiṫeoireaċt leo. A deartár, Miċeál, a ṫug an ḃrídeóg le pósaḋ. Tá mí na meala dá ċaiṫeaṁ in Éirinn.

CARRAIG

I dTeaċ Pobail Naoṁ Columba, An Carraig, pósaḋ Máiréad M. Ní Ċurráin, iníon do Proinnsias Ó Curráin, agus Máire Bn. Uí Ċurráin, Baile Mór, Teileann, agus Seán Ó Maolḃuaiḋ, Baile Treasnaí, Cill Dara, mac le Miċeál Ó Maolḃuaiḋ agus a ḃean. An tAṫair Séamas P. Ó Baoill, S.C., Carraig, a ṗós iad, le Aifreann an Ṗósta, agus Beannaċt an Ṗápa. Ḃí an ḃainis in Óstán Highlands, Na Gleanntaí, agus tá mí na meala dá ċaiṫeaṁ ar turas timpeall Iarṫar na hÉireann. Ḃí an brídeóig ag obair le tamall anois, le Gaeltarra Éireann, i mBaile Áṫa Cliaṫ. Is conraṫóir ṫógála i gCo. Cill Dara an fear nua-ṗósta.

Ḃí droċ aonaċ ar an Ċarraig i nDeireaḋ Fóṁair. cé go raiḃ cuid ṁaiṫ caoraí raṁra agus uascáin ar tairiscint, agus gur díolaḋ cuid ṁaiṫ acu, ḃí siad faoi na luaċ, agus fágaḋ cuid ṁaiṫ eile acu gan díol. Ḃí ceannaiṫeoirí go leor ann ó aċan ċearn den tír, aċ ní raiḃ mórán éiliṁ.

CLOIĊEANNAOLA

Cúis bróin sa ċeantar bás Ṗádraig Ó Doṁnaill as Bealtaine. D'éag sé ins an ospidéal ceantar ar an Cloċán Liaṫ agus é os cionn na dtrí scór go leiṫ. Ḃí sé tinn le tamall roiṁe agus ḃí sé in ospidéal i mBaile Áṫa Cliaṫ ar feaḋ tamaill. Fear cartannaċ a b'eaḋ é a d'oiḃir go cruaiḋ i riṫ a ṡaol. Ċaiṫ sé cuid ṁaiṫ d'á am i Sasana nó in Albain go dtí tá tamall ó ṡoin agus nítear coṁḃrón lena ṁac, Miċeál agus a ċlann. Ċuaiġ an tórraṁ go roiliġ Naoṁ Ṁuire, Gort a' Ċoirce.

Tá an aimsear go holc agus imní ar na feirmeoirí fá na barraí. Tá sé íontaċ dóiliġ ḃaṫ ar biṫ a fáil sáḃáilte leis an ḟliuċaċ agus an droċ aimsir. Tá eagla go gcaillfear ċuid ṁaiṫ den fóṁar i mbliana.

Tá Seán Ó Cannáin as an Ḟalcarraċ ar ṡiúl arais go dtí na Stáit Aontaiṫe indiaiḋ trí seaċtaine saoire a ċaiṫeaṁ lena ḋeartáir, Pádraig agus a ḃean ag Ceaṫrú Ceannan. Ba é seo an ċéad cuairt a ṫug sé aḃaile agus é deiċ mblian i Meiriceá. Ḃí sé íontaċ sásta leis an méadú agus leaṫnú a ṫáinic ar an ḃaile mór in Ḟalcarraiġ agus na tiṫe breáṫa úra. Ḃí sé ag obair mar fear oibre ar tollán i Nua Eaḃraċ.

Tá an tSiúr Máire Caimen, Cloċar Coláiste na Croise Naofa taréis teaċt arais ón Róiṁ. áit a raiḃ sí ar saoire — saoire a tugaḋ mar bronntanas dí ó ḋoċtúirí agus foireann an Rock Hospital, toisc ċoṁ cineálta 7 a ḃí sí le linn dí a ḃeiṫ mar matron ansin.

Cuireaḋ an spéis ar fad insan taispeántas leaḃar, páipéir, 7 foilseaċáin eile, faoi Ruaiḋrí Mac Easmainn, a ḃí ar taispeáint i gColáiste Ulaḋ, Gort a' Ċoirce. oíċe Saṫairn agus oíċe Ḋoṁnaiġ seo ċaite. Coiste Glór na nGael a d'eagraiġ an taispeántas mar a tuairiscaíoḋ in AMÁRAĊ cúpla seaċtain ó ṡin, agus fuaireadar ana ċaḃair ó ḋaoine agus eagrais ar fud na tíre, a ċur páipéirí agus doiciméidí faoi Ruaiḋrí na nGael ċucu—cuid ṁaiṫ acu nár taispeáineaḋ ariaṁ roiṁe. Léiríoḋ insan taispeántas, an dlú-ḃaint a ḃí ag Mac Easmainn, le Coláiste Ulaḋ, agus an suim pearsanta a ċur sé i gCloiċeannaola, rud a tá le feiceáil ins na litreaċa atá ar taispeáint. Ṫug sé go fial, 7 go minic do costas tógála agus reaċtála Ċoláiste Ulaḋ seasaṁ, agus ḃí suim aige ann, fiú aṁáin nuair a ḃí sé i ḃfad ar ṡiúl i mBrasíl, áit a ḃfuarṫas litreaċa uaiḋ. D'oscail an taispeántas oíċe Ṡaṫairn, le léaċt ón Uasal Ó Duinn, a ḃí 'na ḃall ḃunaiḋ den coiste le corp Ruaiḋrí a ṫaḃairt arais go hÉirinn, agus cuireaḋ suim ar leiṫ insan ċaint a ṫug an tUasal Ó Duinn.

Ċuir an Coṁairleoir Séamas Mac Ruaiḋrí, ceist ar an Ċoṁairle Condae an gcuirfí rannóg ar leiṫ do leaḃraí Gaeilge ar fáil san leaḃarlann ar an Ḟalcarraċ, agus d'inis an rúnaí condae dó naċ gcuirfeaḋ an Coṁairle Condae soláṫar ar fáil fá ċoinne rannóg ar leiṫ do leaḃraí Gaeilge. Cé'n fáṫ?

Ceart Do Iascairí

Sa Dáil sul ar scuir sé laḃair Pádraig Ó Doṁnaill, T.D., faoi an leaṫċeal ḃítear a ḋéanaṁ ar na hiascairí de ṫairḃe Roinn Leasa Ṡoisialaiġ. Ḃí sé ag caint go speisialta fán luċt iascaireaċta scadáin ar ċósta Ḋún na nGall, naċ raiḃ acu aċ cúig nó sé seaċtaine oibre sa ḃliain. Go minic níor saoṫraiġ siad mórán aċ corr uair d'ḟéadfaḋ sé go mbeaḋ séasúr maiṫ acu. Ḃí costaisí troma acu is níor glacaḋ cuntas ar seo cor ar biṫ nuair a ḃítear ag cuntas an teaċt isteaċ iomlán a ḃí acu. Ba ċeart an teaċt isteaċ seo a ċuntas mar cuntaistí saoṫrú in Albain, agus dá ndéantaí sin ní ḃeaḋ siad caiṫte amaċ as an dole ar feaḋ dá bliana.

Béaloideas

As an 172 leaṫanaċ atá ins an eagrán is moille den Ḃéaloideas tá beagnaċ trí scór leaṫanaċ ṫaḃairt do ḃeirt clúiteaċ as Dún na nGall. Tá an ċuid is mó do na leaṫanaiġ sin i sreaṫ scéaltaí a ḃailiġ Pádraig Mac Seáin, Tiolainn, atá ar ṗinsin i mBaile Áṫa Cliaṫ anois agus tá an ċuid eile ó mac deirḃsiúr leis, Seán Ó hEoċaiḋ an bailiṫeoir béaloideasa clúiteaċ atá ina ċónaí i nGort a' Ċoirce le lianta fada. As Tiolainn an ḃeirt acu agus is mór le rá na bailiúċán de scéaltaí agus béalóid as agus senċus atá ins an dá ḋréaċt seo. Má tá an Gaeltaċt ag imteaċt, rud atá ḟios ag cuid ṁór daoine sa Ġaeltaċt, is maiṫ an rud go mbeaḋ seanċus agus béaloideas na Gaeltaċta le fáil ar pár do na glúnta ag teaċt in ár diaiḋ. Is dóiċe naċ ḃfuil duine ar biṫ sa tír a ḃfuil oiread béaloideas scríofa síos aige agus curṫa i gceann a ċéile is atá ag Seán Ó hEoċaiḋ a ḃfuil a ṡaol caite aige ag obair do Ċoimisiún Béaloideasa Éireann agus na céadta mílte focal cruinniṫe aige.

DAIRḂRE

Fágaḋ beiṫí Dairḃre déanaċ don aonaċ i gCaṫair Saiḃín, Diardaoin seo caite. Ḃí timpeall 80 beiṫeaċ as Knightstown ansin ag a 7 a' ċlog ar maidin, aċ ḃí gála gaoiṫe ag séideaḋ agus ní raiḃ an ḃád fearantóraċta inann dul treasna go dtí an 9 a' ċlog. Ḃí sé a 11 a'ċlog sula raiḃ an ċuid deireanaċ de na geiṫí ag an aonaċ. Sompla eile é seo den méid go gcaitfí luċt oileán Dairḃre a ḟulaingt, toisc naċ ḃfuil droiċid acu — adúirt Des Labelle, ball de coiste an droiċid. Ḃí an ċuid ab' fearr den aonaċ caite sul a ḃfuair na beiṫí fad le Caṫair Saiḃín. Seo an praġas atá le h-íoc ag na h-oileánaí as a ḃeiṫ ina saoṫránaí den dara grád.

Billí Leictreaċais Dá-Ṫeangaċa

c/o 14 Cearnóg Ṗarnell,
Baile Áṫa Cliaṫ 1.

A Ċara,

Ba ṁaiṫ linn iarraiḋ ar gaċ Gaeilgeoir litir a ċur ċuig Caṫaoirleaċ Ḃord Soláṫar an Leictreaċais ag iarraiḋ air socraiṫe a ḋéanaṁ ċun billí dá-ṫeangaċa a ċur ċuca ċoṁ luaṫ agus is féidir.

Ó ṫárla gur ceann d'aiḋmeanna na gluaiseaċta na hAṫḃeoċána an oiread Gaeilge agus is féidir a ċur dá feiceáil ag an bpobal, is foirmeaċa ina ḃfuil an dá ṫeangain oifigiúla in úsáid, atá ag teastáil. Níl foirmeaċa i nGaeilge aṁáin, agus i mBéarla aṁáin. uainn, mar 'sé ṫiocfaiḋ de sin ná naċ mbeiḋ aċ Béarla á ḟáil ag Béarlóirí na tíre seo.

Tá ḟios againn gur daoine gnóṫaċa iad na Gaeilgeoirí agus go mbíonn a lán niṫe ar a n-aire. Mar sin, tá baol ann go ndéanfar dearmad ar an iarratas seo. Ba ṁaiṫ linn iarraiḋ ort go speisialta gan scríoḃ na litreaċ i gceist a ċur ar aṫ-ló—a breádfá é ḋéanaṁ anois díreaċ?

Is muide, le meas,
Séamus P. Gardail, B.E.
Caṫal Ó Néill, B.Arch.